Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2156(DEC)

28.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 – Gníomhaireachtaí (2025/2156(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Raquel García Hermida-Van Der Walle

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur ceann de na luachanna bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhionannas inscne a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí uile mar a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus, ar an gcaoi, sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne agus an bhuiséadaithe inscne a bhunú; de bhrí nach mór comhionannas inscne a ionchorprú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais;

B. de bhrí gur bunaíodh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) chun rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas, agus chun an cur chun cinn sin a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar inscne, agus feasacht shaoránaigh an Aontais ar chomhionannas inscne a mhúscailt, ar cúram é inar léiríodh go bhfuil EIGE ríthábhachtach agus éifeachtach; de bhrí gur ailínigh clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil EIGE go comhsheasmhach le tosaíochtaí reatha an Aontais; de bhrí gur thacaigh EIGE níos mó agus níos mó le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais chun gnéithe na hinscne a chomhtháthú ina gclársceidealú agus ina n-oibríochtaí;

C. de bhrí gur gá don chéad CAI eile cuspóirí comhionannais inscne, príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a leabú ar fud na gclár cistiúcháin uile;

D. de bhrí, ó 2010 i leith, go bhfuil méadú 7.9 pointe tagtha ar Innéacs Comhionannais Inscne foriomlán an Aontais; in ainneoin na treochta fadtéarmaí in airde sin, léiríonn Innéacs Comhionannais Inscne 2025 go bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag na Ballstáit le scór 63.4 don Aontas agus gan ach méadú 0.8 ann i gcomparáid le hInnéacs Comhionannais Inscne 2024; de bhrí, de réir Innéacs 2025, nach mbainfear amach comhionannas inscne san Aontas go ceann 50 bliain eile ar a laghad; de bhrí, i réimsí eile amhail sláinte agus oideachas na mban, go bhfuil an dul chun cinn éirithe marbhánta agus go bhfuil céimeanna ar gcúl feicthe fiú; de bhrí go léiríonn Innéacs 2024 éagothromaíochtaí móra i measc na mBallstát (an scór is airde: 82.0; an scór is ísle: 57.5), agus béim á leagan ar neamhionannais leanúnacha ar fud an Aontais agus ar an ngá atá le faireachán agus tacaíocht leanúnach ó ghníomhaireachtaí amhail EIGE;

E. de bhrí go raibh tionchar ar leith ag iarmhairtí an chogaidh san Úcráin, ag géarchéim an chostais mhaireachtála, a bhfuil tionchar díréireach aici ar mhná, agus ag na frithfhreagairtí i gcoinne comhionannas inscne agus chearta na mban, go háirithe maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe i roinnt Ballstát, ar an gcomhionannas inscne; de bhrí go ndéanann sé sin neamhionannais a dhoimhniú tuilleadh agus go gcuireann sé bac ar chomhionannas inscne;

F. de bhrí go bhfuil brú méadaitheach curtha ag boilsciú agus tearcmhaoiniú seanbhunaithe araon ar bhuiséad EIGE, agus go bhfuil acmhainn oibríochtúil EIGE laghdaithe acu, rud a fhágann go bhfuil tearclíon foirne agus brú airgeadais buan ar an ngníomhaireacht; de

bhrí gur leagadh béim i meastóireacht sheachtrach 2022 ar thearclíon mór foirne i bpríomhshruthú inscne, agus nach raibh EIGE in ann freagra a thabhairt ach ar an gceathrú cuid de na hiarrataí ar chúnamh teicniúil; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag EIGE i dtaobh tacú le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit comhionannas inscne a bhaint amach; de bhrí go gcuirtear i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach mór acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha agus cobhsaí a sholáthar do EIGE chun a chúraimí a chomhall;

G. de bhrí go bhfuil tionchar ag an méadú ar bhoilsciú agus ag an méadú ar an gcomhéifeacht cheartúcháin don Liotuáin ar chostais EIGE a bhaineann le tuarastail, rud a chruthaíonn dúshlán suntasach i bpríomhréimsí oibríochtúla amhail cúnamh teicniúil a sholáthar do phríomhshruthú inscne d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit, agus ina ghníomhaíochtaí bailithe sonraí;

H. de bhrí go ndíríonn príomh-mhisean EIGE ar chomhionannas inscne a bhaint amach san Aontas trí thaighde a chur ar fáil, sonraí a bhailiú agus a chur in iúl, agus modhanna a fhorbairt chun staidreamh agus bailiú sonraí a fheabhsú, lena dtomhaistear staid an chomhionannais inscne ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon; de bhrí gur lean EIGE d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht sonraí atá imdhealaithe de réir inscne de ar fud an Aontais, rud a neartaíonn an bonn fianaise atá ar fáil d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit; de bhrí go bhfuil a uirlisí digiteacha agus a ardáin ar líne leathnaithe ag EIGE, rud a chuireann feabhas ar rochtain ar staidreamh, ar threoraíocht mhodheolaíoch agus ar acmhainní praiticiúla do lucht ceaptha beartas agus do gheallsealbhóirí; de bhrí gur neartaigh EIGE a chomhar le hoifigí staidrimh náisiúnta agus le húdaráis inniúla náisiúnta; de bhrí gur thacaigh obair EIGE maidir le foréigean inscnebhunaithe, amhail suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe, inar cuireadh príomhthorthaí i láthair bunaithe ar shonraí ó gach ceann de na 27 mBallstát, le cuspóir an Aontais feabhas a chur ar chosc, ar bhailiú sonraí agus ar chomhordú beartais sa réimse sin;

I. de bhrí gur sannadh cúraimí breise do EIGE a bhaineann le Treoracha nuaghlactha de chuid an Aontais a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear Treoir (AE) 2022/2381 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe, Treoir (AE) 2023/970 maidir le pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, Treoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, Treoracha (AE) 2024/1499 agus 2024/1500 maidir le caighdeáin cheangailteacha le haghaidh comhlachtaí comhionannais agus Treoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, chomh maith le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ar a dtugtar Coinbhinsiún Iostanbúl;

J. de bhrí go n-éilíonn na hoibleagáidí nua sin acmhainneacht neartaithe le haghaidh faireachán reachtach, tuairisciú comhlíontachta agus bailiú sonraí, lena n-áirítear ar a laghad cúig phost bhreise mar Ghníomhairí Sealadacha agus ceithre phost mar Ghníomhairí ar Conradh mar a shainaithin EIGE, go háirithe chun poist a gearradh i dtimthriallta buiséid roimhe sin a athbhunú; de bhrí go gceanglaítear, le Rialachán nua an Aontais maidir leis an gCibearshlándáil, ar EIGE a chórais chibearshlándála a neartú, lena n-áirítear Oifigeach Cibearshlándála a cheapadh agus measúnuithe agus iniúchtaí

rialta a dhéanamh; de bhrí go mbeadh Gníomhaire amháin ar Conradh (FG IV) ag teastáil ó EIGE do phost mar Oifigeach Cibearshlándála agus acmhainní buiséadacha treisithe chun na ceanglais sin a chomhlíonadh; de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar EIGE EUR 200 000 a íoc chun bogearraí airgeadais nua éigeantacha SUMMA a fháil, arb ionann é agus beagnach 15 % dá bhuiséad faoi theideal II; de bhrí go ndéanann an t-éileamh buiséadach sin difear díréireach do ghníomhaireachtaí beaga; de bhrí gur cheart ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de laistigh den fhoireann a chur chun cinn i gcónaí i ngníomhaireachtaí uile an Aontais agus laistigh de EIGE trí bhíthin nósanna imeachta earcaíochta atá inscne-íogair;

1. á mheabhrú gur bunaíodh EIGE chun cur le cur chun cinn taighde neamhspleách ar chomhionannas inscne agus é a neartú, sonraí agus uirlisí a tháirgeadh chun cabhrú leis an Aontas agus leis na Ballstáit beartais chuimsitheacha agus chlaochlaitheacha ó thaobh inscne de a cheapadh, ar beartais iad lena dtéitear i ngleic le bunchúiseanna an neamhionannais inscne trí chur i gcoinne noirm idirdhealaitheacha, roinnt éagothrom na cumhachta agus cleachtais dhíobhálacha agus arb é is aidhm dóibh dearcthaí agus iompraíochtaí sochaíocha a aistriú i dtreo fíor-chomhionannas inscne, agus comhionannas inscne a phríomhshruthú ina mbeartais uile; á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé sonraí iontaofa atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bheith ar fáil chun go bhféadfar beartais a cheapadh ar bhonn fianaise; á thabhairt chun suntais a phráinní atá sé don Aontas dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas inscne i bhfianaise na géarchéime leanúnaí amhail cogaí agus géarchéim aeráide; ag cur sonrú, thairis sin, sna frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne ó ghluaiseachtaí frithinscne agus frithdhaonlathacha;

2. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir EIGE agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM), go háirithe rannchuidiú na hInstitiúide le hiarrachtaí leanúnacha an Choiste maidir le foréigean inscnebhunaithe, cothromaíocht oibre is saoil, an bhearna phá agus phinsin idir na hinscní, tionchar géarchéimeanna ar mhná, príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne; ag cur sonrú sa rannchuidiú luachmhar is féidir le EIGE a dhéanamh le Coistí uile Pharlaimint na hEorpa agus le gníomhaireachtaí eile an Aontais chun príomhshruthú inscne a chomhtháthú ar shlí níos fearr i mbeartais uile an Aontais;

3. ag athdhearbhú iarraidh na Parlaiminte ar chistiú agus fhoireann mhéadaithe do EIGE, i gcomhréir leis na hiarrataí atá ag méadú ar chúnamh teicniúil agus costais oibríochtúla níos airde; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, na hacmhainní is gá a mholadh don Ghníomhaireacht chun go mbeidh sí in ann a cúraimí a chomhlíonadh agus freagairt d'éilimh mhéadaithe ar shaineolas, lena n-áiritheofar leanúnachas oibríochtúil agus lena dtreiseofar acmhainneachtaí anailíseacha agus comhordúcháin na gníomhaireachta; á iarraidh go ndéanfaí méadú 17 % ar a Plean Bunaíochta reatha chun an gá atá le cúig phost breise ar a laghad mar Ghníomhairí Sealadacha (AD) agus ceithre phost bhreise mar Ghníomhairí ar Conradh a chur san áireamh, chomh maith le poist thiomnaithe don chibearshlándáil, do chosaint sonraí agus do chur chun feidhme oibleagáidí reachtacha nua; á chur i bhfáth gur gá laghdú a dhéanamh ar an ualach oibre iomarcach atá ar fhoireann EIGE faoi láthair; á iarraidh go mbeadh buiséad ilbhliantúil intuartha agus cobhsaí ann do EIGE, lena laghdófaí tabhairt anonn athfhillteach agus lena gcumasófaí pleanáil fhadtéarmach agus obair thaighde agus lena n-áiritheofaí timpeallacht oibre shláintiúil agus tháirgiúil;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil EIGE ag leanúint de bheith ag cur 95 % den bhuiséad i bhfeidhm maidir lena chlár oibre agus ag baint amach spriocanna sa doiciméad clársceidealaithe leasaithe 2024–2026, in ainneoin tearclíon foirne agus tabhairt anonn ard, agus gur dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go léiríonn a chuntais a staid airgeadais go cothrom.

5. á thabhairt chun suntais gur bhain EIGE a chuspóirí straitéiseacha amach in 2024 chun rannchuidiú le beartas agus cinnteoireacht atá níos eolaí agus bunaithe ar fhianaise ar mhaithe le comhionannas inscne a bhaint amach, idirdhealú bunaithe ar ghnéas a chomhrac, tacú le gné na hinscne a chomhtháthú i mbeartais an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu agus comhionannas inscne a chur chun cinn go héifeachtach i measc geallsealbhóirí lárnacha agus spriocghrúpaí; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go ndearnadh an méid sin a bhaint amach in ainneoin tearclíon foirne struchtúrach a bheith ann, rud a dhearbhaíonn an gá atá le hacmhainní breise chun feidhmíocht amach anseo a choimirciú;

6. ag tabhairt rabhaidh, gan foireann agus infheistíocht bhreise spriocdhírithe, go bhfuil an baol ann nach mbeidh EIGE in ann a oibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht nuaghlactha a chomhlíonadh nó éilimh mhéadaithe a eascraíonn as tionscnaimh bheartais nua an Aontais a chothú; á chur i bhfáth go gcuireann éilimh bhuiséid amhail SUMMA a fháil brú breise ar bhuiséad EIGE; á chur i bhfios go láidir nach mór a chur san áireamh i leithdháiltí breise buiséid an caiteachas éigeantach a mheastar a bheidh ag gníomhaireachtaí; á iarraidh go mbeadh buiséad cobhsaí agus treisithe ann do EIGE mar cheann de na tosaíochtaí a bhaineann le comhionannas inscne sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, lena n-áiritheofar gur féidir leis an ngníomhaireacht leanúint de thaighde, sonraí agus tacaíocht bheartais ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud thosaíochtaí uile an Aontais;

7. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2024;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 24 –: 9 0: 1

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

24	+
PPE	Rosa Estaràs Ferragut, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Verena Mertens, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Abir Al-Sahlani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Lucia Yar, Dainius Žalimas
S&D	Gabriela Firea, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Maria Noichl, Joanna Scheuring-Wielgus, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
The Left	Hanna Gedin, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

9	-
ECR	Chiara Gemma, Beatrice Timgren
ESN	Christine Anderson
NI	Fernand Kartheiser
PfE	Mathilde Androuët, Mireia Borrás Pabón, Elisabeth Dieringer, Margarita de la Pisa Carrión, Anders Vistisen

1	0
NI	Judita Laššáková

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh